An tUachtarán Nua

Meánleibhéal 2 (B2)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin gcéad lá oibre a bhí ag an Uachtarán Connolly. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. Cad a cheapann tú faoin uachtarán nua?
2. Cén ról atá ag Uachtarán na hÉireann?
3. An bhfuil sé tábhachtach, dar leat, go bhfuil Gaeilge ag an Uachtarán? Cén fáth?
4. Cá ndeachaigh Catherine Connolly ar cuairt ar a céad lá oibre, dar leat?
5. Dá mbeifeá féin i d'Uachtarán, cad iad na háiteanna a dtabharfá cuairt orthu ar an gcéad lá? Cén fáth?

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

a) *she was warmly welcomed*	
b) *confirmed*	
c) *to promote the language*	
d) *to be the focus of attention*	
e) *during her presidential term*	
f) *excited*	
g) *official engagement*	
h) *Rome wasn't built in a day*	
i) *while*	
j) *sign, gesture*	
k) *recognition*	

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? _____

3. Cuir an focal 'Gael' roimh na focail thíos. Cad is brí leo?

scoil: _____ oideachas: _____ coláiste: _____

C: TUISCINT

Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna.

1. Cé acu ráiteas **nach bhfuil** fíor?
   a) Thug Catherine Connolly a céad turas poiblí ar Ghaelscoil in Inse Chór.
   b) Dúirt sí go dtacódh sí leis an nGaeilge.
   c) Chuir an príomhoide, Máire Uí Cheallaigh, fáilte roimpi.

2. Cad a léirigh an tUachtarán trí chuairt a thabhairt ar Ghaelscoil?

   _____

3. Luaigh roinnt de na hullmhúcháin a rinne na daltaí agus an tslí ar mhothaigh siad faoin gcuairt?

   _____

4. Céard a rinne an tUachtarán leis na daltaí óga?

   _____

5. Cad iad na bronntanais a bronnadh ar Catherine Connolly?

   _____

6. Cad a dúirt an tUachtarán í féin sa mhír?

   _____

7. Dúirt Colm Ó Nualláin go dtabharfadh an tUachtarán cuairt ar gach Gaelscoil sa tír.

   Fíor ☐ Bréagach ☐

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Eagarthóireacht)

Tá botún **amháin** i ngach abairt thíos. Aimsigh gach botún agus scríobh (1) uimhir na líne, (2) an leagan mícheart agus (3) an leagan ceartaithe sa ghreille.

1. Faoi mar a chualamar ansin, bhí lá gnóthach ag an tUachtarán inniu.
2. Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh roimpi agus a fear chéile, Brian.
3. Dheimhnigh sí go mbeadh an Ghaeilge i lár an aonaigh le linn a tréimhse uachtaranachta.
4. Bhí daltaí Gaelscoil Inse Chór ar bís agus iad ag cur fáilte roimh Catherine Connolly.
5. Léirigh sí a tiomantas don Gaeilge nuair a shocraigh sí teacht go Gaelscoil Inse Chór.
6. Bhí greim le hithe aici agus bhí deis aici roinnt siopadóireachta a dhéanadh fiú.
7. Bhailigh tuismitheoirí agus daltaí na scoil le chéile sa halla mór.
8. Bhronn Tadhg, an dalta is óige sa scoil, camán don Uachtarán.
9. Lá an-shuntasach a bhí ann don Ghaeloideachas.
10. Ba Gaelscoil Inse Chór a bhí ann inniu.
11. Thug sí aitheantas ar an obair atá ar siúl sna Gaelscoileanna sin.
12. Tús Gaelach bródúil agus bríomhar curtha ag an Uachtarán lena aistear.

Uimhir na líne	An leagan mícheart	An leagan ceartaithe
1	ag an **t**Uachtarán	ag an Uachtarán

2: Saibhreas teanga (Cúpla seanfhocal)

Cad is brí leis na seanfhocail seo?

Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.
Bíonn siúlach scéalach.
Filleann an feall ar an bhfeallaire.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Bígí ag obair i ngrúpaí.

1. Samhlaígí go mbeidh Catherine Connolly ag tabhairt cuairt ar bhur scoil (nó bhur n-eagraíocht nó bhur gcomhlacht) féin. Cuirigí sceideal le chéile agus socraígí eadraibh féin cad a dhéanfaidh sibh léi. Caithfidh go mbeidh seisiún ceisteanna agaibh leis an Uachtarán mar chuid den sceideal. Pléigí na ceisteanna le chéile.

    - Cén t-am a thiocfaidh sí?
    - An dtabharfaidh sí cuairt ar gach rang / duine?
    - Conas a mhaiseoidh sibh an áit?
    - An mbeidh ceolchoirm nó dráma nó seó nó taispeántas éigin ann?
    - Cén bronntanas a thabharfaidh sibh di agus cé a bhronnfaidh an bronntanas uirthi?
    - Cathain a bheidh an seisiún ceisteanna agaibh?

2. Anois, cumaigí deich gceist a chuirfidh sibh ar an Uachtarán.

2: Scríobh

Roghnaíodh thusa chun fáilte a chur roimh an Uachtarán agus chun í a chur i láthair na scoile. Scríobh an méid a déarfaidh tú.

A Uachtaráin,

AN SCRIPT

Siún Nic Gearailt
Bhuel, faoi mar a chualamar ansin, bhí lá gnóthach ag an Uachtarán go dtí seo. Maidin inniu, thug an tUachtarán Catherine Connolly a céad turas poiblí ar Ghaelscoil in Inse Chór i mBaile Átha Cliath. Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh roimpi agus a fear céile, Brian. Dheimhnigh sí go gcuirfidh sí an teanga chun cinn agus go mbeidh an Ghaolainn[1] i lár an aonaigh le linn a tréimhse uachtaránachta.

Máire Ní Bhraonáin
Bhí daltaí Ghaelscoil Inse Chór ar bís agus iad ag cur fáilte roimh an Uachtarán Catherine Connolly agus a fear céile, Brian. Léirigh an tUachtarán a tiomantas agus a grá don Ghaeilge nuair a shocraigh sí teacht chuig Gaelscoil Inse Chór dá céad choinne oifigiúil.

Maggie Ní Mhadaoin, Rang a Dó
"Bhí sé spraiúil."
"Céard a rinne tú?"
"Bhí mé ag déanamh ealaíne i gcomhair Catherine Connolly: bhí muid ag dathú isteach."

Donnacha Ó Brolcháin, Rang a Ceathair
Agus an raibh sceitimíní ar na daltaí ar fad nó an raibh gach duine ciúin?
Bhí sceitimíní ar gach duine sa rang agus bhí muid ag déanamh ealaín ana-dheas[2] i gcomhair ár nUachtaráin.

Máire Ní Bhraonáin
De réir a chéile a thógtar na caisleáin agus bhí na daltaí i nGaelscoil Inse Chór i mbun oibre ar maidin. Bhí greim le hithe ag an Uachtarán Connolly agus deis aici roinnt siopadóireachta a dhéanamh fiú. Bhailigh tuismitheoirí agus daltaí na scoile le chéile sa halla mór le fáilte chroíúil a chur roimh an Uachtarán.

Maisy Ní Mhadaoin. Rang a Trí
"Agus céard a cheap tú faoin Uachtarán Connolly inniu?"
"Tá sí an-deas agus tá sí an-chineálta freisin."

Máire Ní Bhraonáin
Bhronn Tadhg, an dalta is óige sa scoil, camán ar an Uachtarán agus thug Mila, an dalta is sine sa scoil, bláthanna di.

An tUachtarán Catherine Connolly
A fhad is atá mé mar Uachtarán, déanfaidh mé mo dhícheall an Ghaeilge a chur chun cinn ar gach leibhéal.

Máire Ní Bhraonáin
Lá an-suntasach a bhí ann don Ghaeloideachas.

Colm Ó Nualláin, Príomhoide Ghaelscoil Inse Chór
Ceapaim gur comhartha iontach é gur roghnaíodh Gaelscoil. Is í Gaelscoil Inse Chór atá ann ar maidin, ach mhothaigh mé féin gur thug sí cuairt ar gach Gaelscoil sa tír, gach Gaelcholáiste sa tír agus thug sí aitheantas don obair atá ar siúl sna Gaelscoileanna sin.

Máire Ní Bhraonáin
Ócáid álainn a bhí i nGaelscoil Inse Chór agus tús Gaelach, bródúil agus bríomhar curtha ag an Uachtarán lena haistear.
Máire Ní Bhraonáin, Nuacht TG4.

---

[1] Gaolainn = leagan canúnach de 'Gaeilge'
[2] an-deas a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

she was warmly welcomed	cuireadh fáilte Uí Cheallaigh / chroíúil roimpi
confirmed	dheimhnigh
to promote the language	an teanga a chur chun cinn
to be the focus of attention	a bheith i lár an aonaigh
during her presidential term/time	le linn a tréimhse uachtaránachta
excited	ar bís
official engagement	coinne oifigiúil
Rome wasn't built in a day	de réir a chéile a thógtar na caisleáin
while	a fhad is a
sign, gesture	comhartha
recognition	aitheantas

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
3. Freagraí:
   Gaelscoil: *Irish-medium school*
   Gaeloideachas: *Irish-medium education*
   Gaelc**h**oláiste: *Irish-medium college (secondary school)*

C: TUISCINT

Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Eagarthóireacht)

Freagraí:

Uimhir na líne	An leagan mícheart	An leagan ceartaithe
1	ag an **t**Uachtarán	ag an Uachtarán
2	a fear c**h**éile	a fear céile
3	a tréimhse uachtar**a**nachta	a tréimhse uachtar**á**nachta
4	daltaí Gaelscoil Inse Chór	daltaí G**h**aelscoil Inse Chór
5	don Gaeilge	don G**h**aeilge
6	a dhéana**d**h	a dhéana**m**h
7	daltaí na scoil	daltaí na scoil**e**

8	**don** Uachtarán	ar an Uachtarán
9	an-s**h**untasach	an-suntasach
10	Ba Gaelscoil	Ba G**h**aelscoil
11	**ar an** obair	**don** obair
12	lena aistear	lena **h**aistear

2: Saibhreas teanga (Cúpla seanfhocal)

Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.	*No man is an island.*
Bíonn siúlach scéalach.	*Travel broadens the mind.*
Filleann an feall ar an bhfeallaire.	*What goes around comes around.*

E. CUMARSÁID

1: Caint

1. Caithfidh siad cuairt an Uachtaráin ar a scoil féin a eagrú. Tá na ceisteanna ann chun cuidiú leo.
2. Caithfidh siad a bheith ag comhoibriú chun deich gceist a chumadh le cur ar an Uachtarán.

2: Scríobh

Iarr orthu óráid ghearr a scríobh ag cur fáilte roimh an Uachtarán chun na scoile.